orthu: 'Féach,' ar siad, 'nach Gailíligh iad seo go léir atá ag caint? Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin? Táimid Pairtigh ann agus Méidigh agus Eilimítigh, áitritheoirí na Measpatáime agus Iúdáia agus Chapadóise, agus Phontais agus na hÁise, Frigia agus Paimfíle, áitritheoirí na hÉigipte agus chríocha na Libia thart faoi Chuiréiné, cuairteoirí ón Róimh idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh, agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar éachtaí Dé.' Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: 'Cad is ciall leis seo?'

Ansin d'éirigh Peadar ina sheasamh i gcuideachta an Aon Duine Dhéag agus labhair leo de ghuth ard: 'A fheara Iúdá,' ar seisean, 'agus a mhuintir uile Iarúsailéim, bíodh a fhios agaibh é seo agus tugaigí cluas dá bhfuil á rá agamsa: "A fheara Iosrael, éistigí leis na briathra seo: Fear ab ea Íosa Nazórach ar thug Dia féin teastas daoibh air leis na míorúiltí agus na héachtaí agus na fearta a rinne Dia tríd fad a bhí sé in bhur measc, mar is eol daoibh féin ... Thóg Dia an Íosa seo ó mhairbh, rud a bhfuilimidne go léir inár bhfinnéithe air. Agus tar éis a ardaithe ar dheis Dé, fuair sé óna Athair an Spiorad a bhí geallta agus dhoirt amach orainne é agus is é sin atá á fheiceáil agus á chloisteáil agaibhse ...

Agus d'fhreagair Peadar iad: 'Déanaigí aithrí,' ar seisean, 'déantar gach duine agaibh a bhaisteadh in ainm Íosa Críost chun maithiúnas na bpeacaí agus glacfaidh sibh tabhartas an Spioraid Naoimh'...

An méid díobh a ghlac lena theachtaireacht, baisteadh iad agus cuireadh tuairim is trí mhíle duine lena líon an lá sin. Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoin ar a chéile, le briseadh an aráin agus leis na hurnaithe.




*An Chincís* le Giotto

- Cad a chonaic, agus cad a chuala, na haspail a bhailigh le chéile ar lá Cincíse?
- Cérbh iad na daoine a bhí sa slua a bhailigh lasmuigh? Cá as a dtáinig siad?
- Cén fáth a raibh ionadh agus mearbhall ar na daoine seo?
- Cén míniú a thug Peadar dóibh faoin méid a tharla? Cad a dúirt sé faoi Íosa?
- Cad a d'iarr Peadar ar an slua a dhéanamh, ionas go dtiocfadh an Spiorad Naomh anuas orthu freisin?
- Cé mhéad duine a baisteadh an lá sin?

**SMAOINIGH AIR SEO ...**

- Cad a tharlódh, dar leat, do lucht leanúna Íosa, agus don chreideamh Críostaí, dá mba rud é nár tharla imeachtaí na Cincíse?




**LE MEABHRÚ**

Is iad seacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh ná: Eagna, Tuiscint, Breithiúnas cóir [*Comhairle*], Misneach [*Neart*], Eolas, Urraim [*Diagantacht*], agus Iontas agus Uamhan i láthair Dé [*Eagla an Tiarna*].

## TÍOLACTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

Tugann an Spiorad Naomh seacht dtíolacthaí dúinn chun cabhrú linn maireachtáil mar is mian le Dia.

### EAGNA

Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh na hEagna do dhaoine le cabhrú leo tuiscint dhomhain a bheith acu ar Dhia agus meas a bheith acu ar rudaí spioradálta. Tuigeann daoine, a ghlacann le tíolacadh na hEagna, nach bhfuil rudaí ábhartha (domhanda) chomh tábhachtach le rudaí spioradálta (rudaí a bhaineann le Dia). Tá na rudaí ábhartha sealadach, ach leanfaidh Dia ar feadh na síoraíochta.

### TUISCINT

Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh na Tuisceana do Chríostaithe le cabhrú leo aithne níos fearr a chur ar Dhia. Ní féidir linn aithne iomlán a chur ar Dhia mar nach féidir leis an intinn dhaonna rúndiamhair Dé a thuiscint. Ach is féidir linn go leor rudaí a thuiscint faoi Dhia, trí thíolacadh na Tuisceana.

### BREITHIÚNAS CÓIR [*COMHAIRLE*]

Trí thíolacadh an Bhreithiúnais Chóir, spreagann agus treoraíonn an Spiorad Naomh Críostaithe chun cinntí cearta a dhéanamh agus an rud ceart a dhéanamh, go háirithe i gcásanna deacra, nuair nach mbíonn sé éasca an rud ceart a aimsiú agus a roghnú.

### MISNEACH [*NEART*]

Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh an Mhisnigh do Chríostaithe le neart a thabhairt dóibh toil Dé a dhéanamh agus an rud ceart a dhéanamh. Is minic nach mbíonn sé éasca seasamh suas don rud atá ceart. Is minic freisin a bhíonn diúltú, cáineadh nó dochar le fulaingt againn dá bharr.

### EOLAS

Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh an Eolais do Chríostaithe le cabhrú leo eolas agus tuiscint a bheith acu ar fhírinne Dé agus ar phlean Dé, ar bhealach domhain. Is é Dia a nochtann fírinní áirithe faoi féin dúinn – tugaimid an téarma Foilsiú Dé air seo.

### URRAIM [*DIAGANTACHT*]

Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh na hUrraime do Chríostaithe le cabhrú leo a ngrá do Dhia a thaispeáint. Bíonn meas mór ag daoine, atá líonta leis an tíolacadh seo, ar Dhia agus is mian leo é seo a thaispeáint, trí bheith rannpháirteach i liotúirgí poiblí na hEaglaise, agus trí bheith ag guí ag amanna éagsúla leo féin.

### IONTAS AGUS UAMHAN I LÁTHAIR DÉ [*EAGLA AN TIARNA*]

Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh an Iontais agus an Uamhain i láthair Dé do Chríostaithe le cabhrú leo chomh hiontach is atá Dia a thuiscint. Cabhraíonn an tíolacadh seo le daoine aitheantas a thabhairt d'iontais chruthú Dé agus fios a bheith acu gurb é Dia amháin atá foirfe.

## AN tSEACHTAIN SEO

Rinne na páistí machnamh ar imeachtaí a d'athraigh a saol. Uaireanta, bhí tábhacht na n-imeachtaí seo soiléir ag an am; i gcásanna eile, tógann sé blianta chun an tábhacht a fheiceáil. Maidir le deisceabail Íosa, d'athraigh an Chincís an chaoi ar mhair siad ina gcreideamh. In ionad a bheith eaglach, bhí siad cróga agus muiníneach. Roinn siad a gcreideamh go hoscailte agus spreag siad daoine eile chun Íosa a leanúint. Tharla an t-athrú seo de bharr chumhacht an Spioraid Naoimh. Tá an Spiorad Naomh céanna beo agus i láthair inniu i ndaoine a baisteadh. Nuair a théimid faoi Lámh an Easpaig, neartaítear an Spiorad Naomh ionainn, ionas gur féidir linne, freisin, ár gcreideamh a shaothrú ar bhealach nua.

Léigí an dán 'An Chincís: Bhí mé ann' le chéile.

**An Chincís: Bhí mé ann**

Bhí mé ann nuair a chuir Peadar glas ar an doras.
Bhreathnaigh mé ar mo chairde – ciúin agus gruama,
Gach péire súl go brónach ag caoineadh,
Gach croí briste agus Íosa sa tuama.

Ansin dúirt Aindriú, 'Cuimhnigh ar an loch,
Cuimhnigh mar a shiúil mo dheartháir gan mhoill';
'Tá an ceart agat', arsa Peadar, 'nach orm a bhí deifir,
Agus leath slí trasna, bhí mé ag dul go tóin poill!'

Ansin scaip an comhrá timpeall an tseomra
Le scéalta á n-insint ó laethanta fadó
Lobhair á leigheas, fear buile go ciúin,
Fear dall anois ar a sháimhín só.

Na páistí geanúla, saighdiúir lán dóchais,
Bacach go háthasach ag siúl i gceart.
Agus anois le croíthe líonta le haoibhneas
Amach leo ag scaipeadh Dea-Scéala le neart.

Bhí mé ann agus croíthe dúnta go brónach,
Ach osclaíodh iad - mar a bhí geallta.
Shuigh mé i mo thost sa seomra uachtair.
Bhí mé ann an lá sin, agus Íosa i mo theannta.

## ARBH EOL DUIT?

Spreag an Spiorad Naomh na haspail chun a gcreideamh a roinnt go hoscailte. Spreag na haspail, ina dhiaidh sin, daoine eile chun Íosa a leanúint.

## AGA LE CHÉILE

**Bígí ag caint**

Labhair faoi dhuine, a bhfuil aithne agat orthu, a thaispeánann go mbaineann siad úsáid as tíolacthaí an Spioraid Naoimh go laethúil - duine atá thar a bheith eagnaí nó tuisceanach, nó a léiríonn breithiúnas cóir nó misneach, srl.

**Freagair agus roinn**

Smaoinigh ar thíolacadh an Spioraid Naoimh a aithníonn tú i saol duine a bhfuil aithne agat orthu. Scríobh nó tarraing pictiúr faoi ócáid nuair a chonaic tú an tíolacadh seo in úsáid acu. Roinn do chuid oibre le do thuismitheoir/chaomhnóir.

**Guígí le chéile**

A Spioraid Dé, ár Múinteoir agus ár dTreoraí, tar chugainn agus doirt amach do thíolacthaí orainn. Cabhraigh linn iad a úsáid chun freastal ar Dhia agus ar dhaoine eile. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Bí cróga**

Bí cróga maidir le do chreideamh a roinnt le daoine eile, mar a rinne na deisceabail i ndiaidh na Cincíse.



## AN tSEACHTAIN SEO AR SCOIL

*Cuireadh chun smaoineamh ar:*

- Ba chóir go mbeadh daoine in ann Críostaithe a aithint ar an mbealach a bhfuil grá acu do dhaoine eile
- Is féidir torthaí an Spioraid Naoimh a fheiceáil i mbriathra agus i ngníomhartha daoine
- Is féidir torthaí an Spioraid Naoimh a fheiceáil i do chuid briathra agus gníomhartha féin

## EOCHAIRFHOCAL

**Torthaí an Spioraid Naoimh**: Nuair a ghlacann duine le tíolacthaí an Spioraid Naoimh, is féidir linn torthaí an Spioraid Naoimh a fheiceáil ag gníomhú ina saol. Is iad torthaí an Spioraid Naoimh ná: grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht.

TÉAMA 10: CÓINEARTÚ (AN SPIORAD NAOMH) | CEACHT 2

# Torthaí an Spioraid Naoimh

### 'FÉACH AN CHAOI A BHFUIL GRÁ ACU DÁ CHÉILE'

Insíonn an Soiscéal de réir Eoin dúinn gur ceart go mbeimis in ann Críostaithe a aithint ar an mbealach a bhfuil grá acu do dhaoine eile. Dúirt Íosa, 'As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile' (Eoin 13:35). Go deimhin, nuair a d'fhéachadh díchreidmhigh ar an bpobal luath-Chríostaí, deiridís, 'Féach an chaoi a bhfuil grá acu dá chéile!'

Insíonn na sleachta seo a leanas ó Ghníomhartha na nAspal dúinn faoin gcaoi ar thaispeáin an pobal luath-Chríostaí a ngrá dá chéile.

Bhí na creidmhigh go léir in aon bhuíon le chéile agus bhí gach ní i bpáirt acu. (Gníomhartha 2:44)

Dhíolaidís a gcuid sealúchais agus a gcuid maoine agus roinnidís a luach ar chách de réir mar a bhíodh aon duine acu ar an gcaolchuid. (Gníomhartha 2:45)

Thagaidís le chéile in aon bhuíon sa Teampall gach lá ach bhrisidís arán i dtithe a chéile agus chaithidís a gcuid le chéile le móráthas agus le sástacht chroí. (Gníomhartha 2:46)

Thagadh na sluaite freisin ó na bailte mórthimpeall Iarúsailéim, ag tabhairt othar leo agus daoine a bhíodh á gciapadh ag spioraid neamhghlana, agus leigheastaí gach duine acu. (Gníomhartha 5:16)



## TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH


Scríobh Naomh Pól litir chuig an bpobal óg Críostaí sa Ghaláit, sa Tuirc ársa. Seo an teachtaireacht a bhí sa litir – má threoraíonn an Spiorad Naomh muid, beidh an saol againn 'lán den Spiorad'. Rinne Naomh Pól cur síos ar an saol atá 'lán den Spiorad'. Bíonn sé lán le grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht. Beidh na saintréithe seo beag ar dtús, cosúil le síolta. Ach má ligimid don Spiorad Naomh bheith ag obair ionainn, fásfaidh siad cosúil le torthaí ar chrann, agus beidh siad le feiceáil ag gach duine.


## CLEACHTADH DIALAINNE: TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH FAOI LÁN SEOIL

Tá go leor daoine ann a léiríonn torthaí an Spioraid Naoimh ina saol laethúil. Is daoine cáiliúla iad roinnt acu agus gnáthdhaoine iad roinnt eile. Bain úsáid as an idirlíon nó as sean-nuachtáin chun samplaí a aimsiú de dhaoine a thug deis do thíolacthaí an Spioraid Naoimh a bheith torthúil ina saol, dar leat. Scríobh alt faoi dhuine de na daoine sin sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Seo roinnt samplaí de cheannlínte nuachtáin a léiríonn an cineál scéil a d'fhéadfá a lorg.













## LE MEABHRÚ

Is iad naoi dToradh an Spioraid Naoimh ná: grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht.

'As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile' (Eoin 13:35).

## SMAOINIGH AIR SEO ...

- Na cáilíochtaí a luaitear leis na daoine sin sna nuachtáin – conas a d'fhéadfása cáilíochtaí cosúil leo a léiriú?

## CLEACHTADH DIALAINNE: TORADH FAOI LÁN SEOIL

- Cuir an spléach-chárta a thóg tú ón gciseán isteach sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin scríobh alt faoi conas a dhéanfaidh tú iarracht an toradh seo a léiriú faoi lán seoil amach anseo. Nó bain úsáid as pictiúir agus/nó siombailí chun do chuid smaointe a léiriú.




*Torthaí an Spioraid Naoimh*

## AN tSEACHTAIN SEO

Rinne na páistí machnamh ar na bealaí ar féidir le daoine eile a fheiceáil gur Críostaithe muid. Mar shampla, is féidir Caitlicigh a fheiceáil ag freastal ar Aifreann nó á mbeannú féin agus iad ag dul thar séipéal. Ach is é an bealach is tábhachtaí a léirímid gur Críostaithe muid ná an bealach a gcaithimid le daoine eile. I litir Naomh Pól chuig muintir na Galáite, dúirt sé go n-aithneoidh daoine eile go bhfuil Íosa á leanúint againn má bhíonn an saol againn lán le grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht. Tugaimid an téarma 'torthaí an Spioraid Naoimh' orthu seo. Scrúdaigh na páistí an bealach a bhféadfadh siad féin agus daoine eile na torthaí seo a thaispeáint go laethúil.

Guígí an phaidir seo le chéile:

A Spioraid Dé, tar chugainn.
Cabhraigh linn a thaispeáint lenár mbriathra agus lenár ngníomhartha go bhfuil tú beo inár gcroí.
Go mbeidh ár saol mar eiseamláir do dhaoine eile, agus go bhfaighimid spreagadh ó bheatha Críostaithe eile.
Déanaimid an phaidir seo trí Chríost, ár dTiarna. Áiméan.

## SA BHAILE

### ARBH EOL DUIT?

Gach lá, bíonn go leor deiseanna againn torthaí an Spioraid Naoimh a léiriú agus a chur ag fás ionainn féin.

### AGA LE CHÉILE

**Bígí ag caint**
Bí ag caint faoi bhealach ar thaispeáin na daoine éagsúla sa teaghlach ceann de thorthaí an Spioraid Naoimh le déanaí.

**Freagair agus roinn**
Scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach faoi ócáid ar thaispeáin tú ceann de thorthaí an Spioraid Naoimh i do shaol féin. Roinn do chuid oibre le do thuismitheoir/chaomhnóir.

**Bí grámhar**
Tabhair grá duit féin, do dhaoine eile agus don domhan. Ansin feicfidh gach duine torthaí an Spioraid Naoimh ionat.



## AN tSEACHTAIN SEO AR SCOIL

*Cuireadh chun smaoineamh ar:*

- An fáth ar mhaith leat dul faoi Lámh an Easpaig
- An méid a tharlaíonn le linn dheasghnáth an Chóineartaithe
- An t-ainm Cóineartaithe a roghnóidh tú
- An cara as Críost a roghnóidh tú

## EOCHAIRFHOCAIL

**Iarrthóir ar Chóineartú**: Téarma don duine baiste atá ag ullmhú le Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh.

**Ola Chriosma**: An ola a bheannaíonn an t-easpag le linn Aifreann an Chriosma, Déardaoin Mandála. Ina dhiaidh sin, úsáidtear an ola seo le linn cheiliúradh an Bhaiste agus an Chóineartaithe sa deoise i rith na bliana. Úsáidimid ola Chriosma ag an mBaisteadh, ag an gCóineartú agus ag oirniú sagart agus easpag.

**Ainm Cóineartaithe**: Ainm a roghnaíonn an t-iarrthóir ar Chóineartú. Is comhartha é go bhfuil sé/sí réidh le maireachtáil ar bhealach nua. Molaimid ainm naoimh a roghnú mar ainm Cóineartaithe, mar taispeánann na naoimh dúinn conas maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

**Cara as Críost don iarrthóir ar Chóineartú**: Duine a roghnaíonn an t-iarrthóir ar Chóineartú, chun tacú leis/léi Íosa a leanúint. B'fhearr go roghnódh an t-iarrthóir ar Chóineartú an t-athair baistí nó an mháthair bhaistí chun a bheith mar chara as Críost aige/aici. Ach is féidir le duine ar bith atá os cionn sé bliana déag d'aois, agus a chleachtann an creideamh Caitliceach, a bheith mar chara as Críost don Chóineartú.

TÉAMA 10: CÓINEARTÚ (AN SPIORAD NAOMH) | CEACHT 3

# Deasghnáth an Chóineartaithe

### SACRAIMINT AN CHÓINEARTAITHE

Le linn Shacraimint an Chóineartaithe, iarrann an sagart nó an t-easpag ar **iarrthóirí ar Chóineartú** na gealltanais a rinneadh ar a son ag an mBaisteadh a dheimhniú. Bíonn deis ag na hiarrthóirí i rith Shacraimint an Chóineartaithe na gealltanais sin a athnuachan ar a son féin, mar dheisceabail Íosa.

### SMAOINIGH AIR SEO ...

- An bhfuil tú ag tnúth le dul faoi Lámh an Easpaig? Cén fáth?

### DEASGHNÁTH AN CHÓINEARTAITHE

Tá ceithre chuid i nDeasghnáth an Chóineartaithe. Seo iad:

#### 1: Ag glaoch as a (h)ainm

Tar éis Liotúirge an Bhriathair, glaonn sagart/múinteoir ainm gach iarrthóra agus seasann na hiarrthóirí. Tugann an ceiliúraí míniú gairid ar bhrí an Chóineartaithe.

#### 2: Athnuachan ghealltanais an Bhaiste

Iarrann an ceiliúraí ar na hiarrthóirí a ngealltanais bhaiste a athnuachan. Seo iad na gealltanais a rinne an teaghlach ar a son ag an mbaisteadh. Tá siad fásta go leor anois chun na gealltanais sin a dhéanamh iad féin. Tá siad ag dearbhú na ngealltanas, a rinne daoine eile ar a son ag an mbaisteadh.

#### 3: Leagan lámh agus glaoch ar an Spiorad Naomh

In aimsir an tSean-Tiomna, comhartha beannachta a bhí sa leagan lámh. Insíonn na Soiscéil dúinn gur leag Íosa a lámha ar dhaoine. Ba chomhartha beannachta nó leighis é. Insíonn Gníomhartha na nAspal dúinn freisin gur leag Peadar agus Eoin a lámha ar na daoine baiste, 'agus fuair siad an Spiorad Naomh' (Gníomhartha 8:17).
Mar sin, ag an gCóineartú, leagann an ceiliúraí a lámha orthu siúd atá ag dul faoi Lámh an Easpaig. Leathnaíonn sé a lámha os a gcionn. Comhartha é seo go bhfuil an Spiorad Naomh á thabhairt dóibh. Ansin, deir an ceiliúraí paidir speisialta ag iarraidh ar an Spiorad Naomh teacht anuas ar na daoine atá ag dul faoi Lámh an Easpaig.

#### 4: Ungadh le criosma

Téann na hiarrthóirí go dtí an ceiliúraí agus ungann sé iad le h**ola chriosma**. Cuireann an ceiliúraí a ordóg dheas isteach sa chriosma agus gearrann sé comhartha na croise ar éadan an iarrthóra, ag rá, 'A (Ainm), séalaítear thú leis an










Spiorad Naomh, tíolacadh Dé.' Ansin déanann an ceiliúraí comhartha na síochána leis an iarrthóir.


## AINMNEACHA CÓINEARTAITHE AGUS CAIRDE AS CRÍOST DON CHÓINEARTÚ

Roghnaigh ár dteaghlaigh ár n-ainmneacha agus ár gcairde as Críost don Bhaisteadh. Ag an gCóineartú, glacann na hiarrthóirí an fhreagracht as a gcreideamh féin, agus roghnaíonn siad, le treoir óna dtuismitheoirí, a n-ainmneacha Cóineartaithe agus a gcairde as Críost.

### Ainmneacha Cóineartaithe

Is gné thábhachtach speisialta díot d'ainm. Tá aithne ag gach duine orainn as ár n-ainm. Tá ár n-ainm ar eolas ag Dia. Deir Dia linn, 'Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.'

De ghnáth, roghnaíonn daoine ainm nua ag an gCóineartú. Is comhartha é go bhfuil siad ag iarraidh Íosa a leanúint ar bhealach nua.




Luann na Scrioptúir go leor daoine a d'athraigh a n-ainmneacha le linn tréimhsí tábhachtacha ina saol. Mar shampla:

- Sa Sean-Tiomna, d'athraigh Abrám a ainm go hAbrahám tar éis dó conradh a dhéanamh le Dia. Gheall Dia go dtógfadh sé Abrám go tír nua agus go dtabharfadh sé sliocht dó mar bhronntanas.
- Sa Tiomna Nua, d'athraigh Sól a ainm go Pól. Bhí Sól ar dhuine de na daoine a rinne géarleanúint ar lucht leanúna Íosa ar dtús. Ghabhadh agus chuireadh sé i bpríosún iad. Lá amháin, áfach, ar a bhealach go cathair na Damaisce, chonaic Sól solas dallraitheach agus chuala sé guth Íosa. D'fhiafraigh Íosa de cén fáth a raibh Críostaithe á n-ionsaí aige. Tháinig athrú ar Shól ina dhiaidh seo. Chreid sé gurbh é Íosa Mac Dé agus shocraigh sé ar a shaol a chaitheamh ag cuidiú le daoine eile teacht ar an eolas sin freisin. As sin amach, tugadh an t-ainm Pól air. (Féach Gníomhartha na nAspal 9:1-20.)

Nuair a thoghtar Pápa, roghnaíonn sé ainm nua le léiriú go bhfuil sé anois ina phríomh-aoire ar an Eaglais. Ba é Jorge Bergoglio an chéad Phápa a roghnaigh an t-ainm Proinsias, in onóir Naomh Proinsias Assisi.

Molaimid ainm naoimh a roghnú mar **ainm Cóineartaithe**, mar taispeánann na naoimh dúinn conas maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

### CLEACHTADH DIALAINNE: M'AINM CÓINEARTAITHE

- Sa dialann don Oideachas Reiligiúnach, scríobh amach agus maisigh an t-ainm atá roghnaithe agat mar ainm Cóineartaithe. Scríobh alt a mhíníonn an fáth ar roghnaigh tú an t-ainm seo.

### Cairde as Críost don Chóineartú

Ag an mbaisteadh, roghnaíonn tuismitheoirí, agus baill eile den teaghlach, cairde as Críost a chabhróidh leo an leanbh a thógáil i ngrá Dé. Ag an gCóineartú, roghnaíonn iarrthóirí cara as Críost dóibh féin - duine a chabhróidh leo an bheatha Chríostaí a leanúint, le cabhair ón Spiorad Naomh.

Is maith an rud é iarraidh ar athair baistí/mháthair bhaistí a bheith mar **chara as Críost don Chóineartú**, mar is dócha go mbíodh siad ag cabhrú leis an duine óg go dtí sin. Uaireanta, ní féidir é seo a dhéanamh. Mar sin, is féidir le hiarrthóirí smaoineamh ar dhuine eile a chabhróidh leo Íosa a leanúint mar bhall den Eaglais. Ní mór don chara as Críost a bheith cóineartaithe, a bheith ag cleachtadh an chreidimh, agus an Chomaoineach Naofa a bheith glactha aige/aici. Ní ceart go mbeadh cara as Críost níos óige ná sé bliana déag d'aois ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

### LE MEABHRÚ

I Sacraimint an Chóineartaithe, faighimid tíolacadh an Spioraid Naoimh agus cuimhnímid ar ghealltanais an bhaiste, agus déanaimid athnuachan orthu.

## SA BHAILE

### AN tSEACHTAIN SEO

D'fhoghlaim na páistí go ndeimhnímid, sa Chóineartú, na gealltanais a rinneadh ar ár son ag an mBaisteadh. I Sacraimint an Chóineartaithe, bíonn deis againn na gealltanais sin a athnuachan muid féin, mar dheisceabail Íosa. Le linn dheasghnáth an Chóineartaithe, iarrann an ceiliúraí (easpag nó sagart) ar Spiorad Dé teacht ar na hiarrthóirí. Ina dhiaidh sin, téann gach iarrthóir, in éineacht leis an gcara as Críost, chuig an gceiliúraí. Déanann an ceiliúraí an t-iarrthóir a ungadh le hola chriosma.

Guígí an phaidir seo le chéile:

Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.
Agus las ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid,
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.
Áiméan.



### ARBH EOL DUIT?

Roghnaíonn gach iarrthóir ar Chóineartú ainm nua mar chomhartha go bhfuil siad réidh le maireachtáil ar bhealach nua agus Íosa a leanúint.

### AGA LE CHÉILE

**Bígí ag caint**
Níl aon dualgas ort do Chóineartú a cheiliúradh ag deireadh na bunscoile. Déan an cheist a phlé – cathain a bheadh sé ceart duitse a dhearbhú go bhfuil tú i do bhall den Eaglais? Is tiomantas mór é.

**Scríobh tuairisc agus roinn**
An féidir leat smaoineamh ar thrí chúis a ndéanfá an Cóineartú a cheiliúradh? Scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach iad. Roinn do chuid oibre le do thuismitheoir/chaomhnóir.

**Bí eolach**
Bí cinnte go dtuigeann tú an cinneadh atá á dhéanamh agat, má shocraíonn tú Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh.

**AN tSEACHTAIN SEO AR SCOIL**

*Cuireadh chun smaoineamh ar:*

- Riachtanais na ndaoine ar scoil agus sa phobal, sa tír agus ar fud an domhain
- Bealaí a bhféadfá freagairt do chuid de na riachtanais seo le cabhair ón Spiorad Naomh
- Mar is féidir an Spiorad Naomh a fheiceáil ag obair i saol daoine creidmheacha





TÉAMA 10: CÓINEARTÚ (AN SPIORAD NAOMH) | CEACHT 4

# Difríocht a dhéanamh i ndiaidh an Chóineartaithe

## OBAIR AN SPIORAID NAOIMH

Ag an mBaisteadh, fuaireamar an Spiorad Naomh den chéad uair. Ag an gCóineartú, faighimid iomláine an Spioraid Naoimh. Ciallaíonn sé seo go ndéantar an Spiorad Naomh a neartú laistigh ionainn.
Tá an Spiorad Naomh réidh chun sinn a spreagadh le maireachtáil mar lucht leanúna Íosa, má bhíonn ár gcroí oscailte do threoir an Spioraid. Spreag an Spiorad Naomh céanna na milliúin duine ó aimsir Chríost i leith.

## LAOCHRA CRÍOSTAÍ

Léigh na tuairiscí seo a leanas ar an mbealach ar spreag an Spiorad Naomh na daoine seo le bheith ina laochra Críostaí, ag scaipeadh an Dea-Scéala faoi Íosa agus faoi ghrá Dé i gcéin agus i gcóngar.

### Naomh Peadar

Cúpla nóiméad tar éis dó an Spiorad Naomh a fháil ar an gCincís, labhair Peadar leis an slua daoine a bhí bailithe in Iarúsailéim (Gníomhartha na nAspal 2:14-42). Bhí a fhios aige gur theastaigh uathu a chloisteáil gurbh é Íosa Mac Dé, agus gur tháinig sé ar domhan chun bealach nua maireachtála agus bealach nua grá a thaispeáint do dhaoine. Bhí Peadar chomh héifeachtach an lá sin gur baisteadh thart ar thrí mhíle duine. Go gairid ina dhiaidh sin, taobh amuigh den Teampall, leigheas Peadar fear nach raibh in ann siúl (Gníomhartha na nAspal 3:1-10). De réir an traidisiúin Chríostaí, céasadh Peadar sa Róimh ar ordú an Impire Néaró, a rinne géarleanúint ar go leor Críostaithe. Creidtear gur iarr Peadar go ndéanfaí é a chéasadh bunoscionn, ós rud é nach raibh sé tuillte aige bás a fháil ar an mbealach céanna le hÍosa.

### Naomh Pádraig

Tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn mar bhuachaill óg sa chúigiú haois. Tugadh anseo é mar sclábhaí agus bhí saol uaigneach aige go ceann blianta fada. Ar deireadh, d'éalaigh Pádraig agus d'éirigh leis filleadh ar a theaghlach. Ghuigh sé go minic chuig Dia agus d'éist sé go haireach, chun freagra a fháil uaidh. Le cabhair an Spioraid Naoimh, rinne sé staidéar le bheith ina shagart. Ar deireadh thiar thall, d'fhill sé ar Éirinn chun Dea-Scéala ghrá Dé a insint do na daoine. Bhí a fhios aige gur theachtaireacht í seo a bhí de dhíth ar mhuintir na hÉireann.




## AN tURRAMACH CAITRÍONA NIC AMHALAÍ

Rugadh Caitríona Nic Amhalaí i dteaghlach saibhir i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1778. Nuair a fágadh suim mhór airgid aici, d'fhéadfadh sí a rogha rud a dhéanamh. Ach spreag an Spiorad Naomh í, agus shocraigh sí ar fhoirgneamh mór a cheannach ar Shráid Bhagóid, Baile Átha Cliath, ionas go bhféadfadh sí teach a sholáthar do mhná óga agus do leanaí ó chúlraí bochta. Chuaigh go leor ban léi chun cabhrú léi. Sa bhliain 1831, ghlac Caitríona Nic Amhalaí agus beirt bhan eile móideanna reiligiúnacha. Chuir sé seo tús le Cuallacht Shiúracha na Trócaire. Sa bhliain 2018, bhí níos mó ná 9,000 Siúr na Trócaire ag obair ar fud an domhain de bharr Chaitríona Nic Amhalaí.



## NAOMH TREASA CHALCÚTA (KOLKATA)

Rugadh Naomh Treasa san Albáin sa bhliain 1910. Nuair a bhí sí ocht mbliana déag d'aois, bhog sí go hÉirinn. Níos déanaí arís, bhog sí go Calcúta (Kolkata anois), san India, áit a raibh cónaí uirthi ar feadh a saoil. Bhí Naomh Treasa an-bhuartha nuair a chonaic sí coinníollacha maireachtála na mbocht i gCalcúta. Ní raibh aon áit le dul ag daoine a bhí breoite nó ag fáil bháis agus níor thug aon duine aire dóibh. Mar sin, luíodh siad síos ar thaobh na sráide. Bhí soláthairtí leighis, bia agus oideachas gann. Spreag an Spiorad Naomh Treasa agus thosaigh sí ag obair le mná eile chun ospidéil, dílleachtlanna agus scoileanna a oscailt. Leanann na háiteanna seo ag tabhairt cúnaimh agus tacaíocht do dhaoine sa lá atá inniu ann.



## IS FÉIDIR LINNE, FREISIN, BHEITH INÁR LAOCHRA CRÍOSTAÍ!

Tá tú neartaithe anois leis an Spiorad Naomh céanna a spreag agus a threoraigh Naomh Peadar, Naomh Pádraig, Caitríona Nic Amhalaí agus Naomh Treasa Chalcúta (Kolkata). Tá tíolacthaí an Spioraid Naoimh ionat. Tá an chumhacht agus an cumas agat anois difríocht a dhéanamh ar fud an domhain, díreach mar a rinne na daoine seo. Is féidir leatsa, freisin, bheith i do laoch Críostaí!

Tá go leor riachtanas ann i saol an lae inniu. Is féidir linn bheith inár laochra Críostaí trí fhreagairt do na riachtanais sin. Seo í an cheist mhór mar sin: cad a dhéanfaidh tusa?



Seo roinnt ráiteas ó leanaí a cheiliúir Sacraimint an Chóineartaithe le déanaí, ag insint dúinn faoin gcaoi ar fhreagair siad do riachtanais dhifriúla ina bpobal áitiúil:

'Shocraigh gach duine inár rang deich faoin gcéad den airgead a fuair siad ag an gCóineartú a thabhairt do charthanacht a chabhraíonn le teaghlaigh a bhfuil fiobróis chisteach ar dhuine de na páistí. Tá buachaill sa rang againn a bhfuil fiobróis chisteach air agus is minic a bhíonn sé san ospidéal.'

'Thugamar cuairt ar an gCumann áitiúil um Fhóirithint ar Ainmhithe. D'fhoghlaimíomar faoin obair a dhéanann siad chun ainmhithe tréigthe a tharrtháil. Ansin d'eagraíomar feachtas faisnéise ar scoil chun insint do gach duine chomh tábhachtach agus atá sé aire cheart a thabhairt d'ainmhithe agus meas a bheith againn orthu.'

'Bhí díolachán cácaí againn an mhí seo caite. Thugamar go léir cácaí isteach agus dhíol muid iad sa halla díreach roimh am lóin. Bhailíomar €150 do Focus Ireland.'

'Tá cúigear againn i Rang a Sé tar éis bheith inár gCairde Clóis do na páistí sna bunranganna. Múinimid cluichí nua do na páistí óga ar féidir leo iad a imirt ag am lóin. Múinimid dóibh freisin conas roinnt le chéile, focail chineálta a úsáid agus fanacht go foighneach. Caithimid seaicéad sofheicthe a deir "Cara Clóis".'

'Cabhraímid le páistí i Rang a Dó a gcuid léitheoireachta a chleachtadh – téimid chuig an rang ag 10:50 gach lá le léamh leo ar feadh deich nóiméad roimh an mbriseadh beag.'

'Chuamar le grúpaí eile chun páirt a ghlacadh i bhFoireann Ghlantacháin Luimnigh. Bailíonn na mílte duine ar shráideanna Luimnigh, Aoine an Chéasta, chun an áit a ghlanadh. I mbliana, bhailíomar 98 tonna bruscair.'

**SMAOINIGH AIR SEO ...**

- Cad iad na riachtanais atá sa phobal áitiúil, sa tír nó ar domhan inniu? Cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú?

**LE MEABHRÚ**

Neartaithe ag an Spiorad Naomh sa Chóineartú, is féidir linn difríocht a dhéanamh ar fud an domhain.

## AN tSEACHTAIN SEO

Rinne na páistí machnamh ar an gcaoi a bhfuil a gcuid oibre, tar éis an Chóineartaithe, díreach ag tosú mar lucht leanúna Íosa. Tá tíolacthaí an Spioraid Naoimh séalaithe iontu. Neartóidh na tíolacthaí seo iad chun maireachtáil mar lucht leanúna Íosa agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a fheiceann siad timpeall orthu. D'fhéach na páistí ar roinnt samplaí den chaoi a ndeachaigh daoine i ngleic le riachtanais sa lá atá inniu ann. Chonaic siad samplaí freisin a léirigh an chaoi ar fhreagair leanaí eile do riachtanais a bpobal tar éis dóibh dul faoi Lámh an Easpaig.

Léigí an dán 'Spreagtha' le chéile.

**Spreagtha**

An obair go léir déanta, an lá mór imithe,
Ach, buíochas leis an Spiorad, tá saol nua tosaithe.
Cóineartaithe ag an easpag le hola an chriosma,
Séalaithe leis an Spiorad, deisceabail nua ceaptha.

Tá an Spiorad ann chun tú a spreagadh gach lá
Obair Íosa a dhéanamh 's paidreacha a rá.
Torthaí agus tíolacthaí le húsáid 's le roinnt
Sa bhaile, ar scoil, ag spraoi, sa chaint.

Má tá tú imníoch nó le dúshláin le sárú,
Cuimhnigh - le grásta, líonfaidh Spiorad Dé tú.
Breathnaigh laistigh agus féach ar an bhflúirse,
Na tíolacthaí, na torthaí – iad go léir ann duitse.

Tá Spiorad Dé ann gach lá dár saol,
Ag cabhrú linn 's le daoine i mbaol.
Impigh air le dóchas, go laethúil, go séimh,
'Tar i gcabhair orm anois, a Spioraid Naoimh.'



## ARBH EOL DUIT?

Leis na céadta bliain, ó aimsir na n-aspal i leith, spreag an Spiorad Naomh na milliúin duine i ngach cearn den domhan chun maireachtáil de réir an tSoiscéil agus chun cabhrú leo siúd atá i ngátar.

## AGA LE CHÉILE

**Bígí ag caint**

Bígí ag caint faoi bhealaí ar féidir libhse, mar theaghlach, oibriú chun dul i ngleic le riachtanas éigin sa phobal áitiúil.

**Freagair agus roinn**

Inniu, déan rud amháin chun a thaispeáint go bhfuil tú réidh chun na gealltanais a rinne tú ag an gCóineartú a chomhlíonadh, trí dhul i ngleic le riachtanas amháin. Scríobh nó tarraing pictiúr faoin méid a rinne tú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Roinn do chuid oibre le do thuismitheoir/chaomhnóir.

**Guígí le chéile**

A Spioraid Dé, deimhnithe ionainn, gabhaimid buíochas leat as na tíolacthaí go léir a thug tú dúinn.
Go leanaimid orainn ag maireachtáil mar lucht leanúna Íosa agus go ligfimid do do thíolacthaí a bheith torthúil inár saol.

**Bí spreagtha**

Bí spreagtha ag an Spiorad Naomh chun obair a dhéanamh le daoine eile chun feabhas a chur ar an domhan.

**AN tSEACHTAIN SEO AR SCOIL**

*Cuireadh chun smaoineamh ar:*

- An méid a dúirt Íosa linn maidir leis an mbeatha tar éis bháis
- An chiall a bhaineann le bheith páirteach i gComaoin na Naomh
- Bronntanas na beatha agus mar ba chóir dúinn meas a bheith againn uirthi

**EOCHAIRFHOCAIL**

**Purgadóir**: An áit a gcaitheann roinnt daoine, a fuair bás, am sula mbíonn siad réidh le dul isteach ar neamh.

**Comaoin na Naomh**: Baill na hEaglaise atá beo fós, chomh maith le daoine atá imithe romhainn cheana féin agus atá i bPurgadóir nó ar neamh.

**Lá na Naomh Uile**: Tá Lá na Naomh Uile ar an 1 Samhain. Tugaimid onóir do na naoimh go léir ar an lá sin. Tugaimid onóir freisin do na naoimh nach bhfuil ainmnithe fós. Tugaimid an t-ainm Sollúntas na Naomh Uile ar an bhféile seo freisin.

**Lá na bhFíréan Uile atá Marbh**: Tá Lá na bhFíréan Uile atá Marbh ar an 2 Samhain. Cuimhnímid ar dhaoine a fuair bás agus guímid ar a son. Tugaimid an t-ainm Cuimhneachán na bhFíréan Uile atá Marbh ar an lá seo freisin.

**CEACHT SÉASÚRACH 1**

# Ag ullmhú don bheatha shíoraí

### CIORCAL NA BEATHA

Úsáidimid an téarma 'ciorcal na beatha' chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann gach rud beo - daoine, ainmhithe agus plandaí – ar an saol, an chaoi a bhfásann siad agus ansin, an chaoi a bhfaigheann siad bás. Cuid nádúrtha den phróiseas maireachtála agus báis is ea gach céim. I gcás fhormhór na ndaoine, beidh breith, óige, déaga, aosacht, meánaois, seanaois agus, ar deireadh, bás, mar chuid de chiorcal na beatha. Mar Chríostaithe, creidimid go mbeidh beatha nua shíoraí againn nuair a fhaighimid bás.

### AG ULLMHÚ DON BHEATHA SHÍORAÍ

I bParabal na nDeichniúr Maighdean, múineann Íosa dúinn go gcaithfidh daoine ullmhú nuair atá siad ar domhan le haghaidh na beatha síoraí le Dia ar neamh.

**Parabal: An Deichniúr Maighdean (Matha 25:1-13)**

Dúirt Íosa: 'Is iad dála ríocht na bhflaitheas an uair sin mar a bhí ag deichniúr maighdean a chuaigh amach agus a lampaí acu in airicis an fhir nuaphósta. Cúigear díobh seo, bhí siad gan tuiscint agus bhí an cúigear eile ciallmhar; mar, thug na mná gan tuiscint na lampaí leo agus gan aon ola acu, ach thug na mná ciallmhara ola ina bpróicíní leo chomh maith leis na lampaí. Bhí an fear nuaphósta ag déanamh moille, agus tháinig sámhán orthu uile agus thit siad ina gcodladh.

Ach glaodh i lár na hoíche: 'Chugaibh an fear nuaphósta! Amach libh ina airicis!' D'éirigh na maighdeana sin uile ina suí agus dheasaigh siad a lampaí. Ach dúirt na mná gan tuiscint leis na mná ciallmhara: 'Tugaigí dúinn braon de bhur n-olasa, mar tá ár lampaíne in éag.' D'fhreagair lucht na céille iad: 'Le heagla,' ar siad, 'nach mbeadh ár ndóthain ann dúinn féin agus daoibhse, b'fhearr daoibhse dul go dtí lucht a díolta á ceannach daoibh féin.' Bhí siad ag dul á ceannach nuair a tháinig an fear nuaphósta, agus iad seo a bhí ullamh, chuaigh siad isteach in éineacht leis chun na bainise, agus dúnadh an doras.

Sa deireadh, tháinig na maighdeana eile freisin: 'A thiarna, a thiarna,' ar siad, 'oscail dúinn!' Ach d'fhreagair sé agus dúirt: 'Deirim libh go fírinneach, níl aithne agam oraibh.'

Agus chríochnaigh Íosa, 'Bígí ag faire, dá bhrí sin, mar níl a fhios agaibh an lá ná an uair.'